Beannachtaí na Cásca oraibh ar fad

Mí Márta 2021

Nuachtlitir páistí Scoil Chualann

Spás Scoile Nua

Tar éis na blianta ar an suíomh céanna, táimid tar éis teacht ar spás álainn nua i Scoil Chualann!

Tá clós nua againn i Scoil Chualann. Beidh sé in úsáid ag na Naíonáin ag am sosa agus ag am lóin. Ach níos fearr arís, féach ar an gclár dubh.

Le linn an dea-aimsire bainfimid an sult as úsáid as an gclár dubh. Cé atá réidh le haghaidh ceachtanna sa chlós?

Bíodh ar do rothar nó ar do scútar

Tá spás nua againn chun teacht ar scoil ag tabhairt aire lenár gcorp agus leis an dtimpeallacht ag an am céanna. Féach ar an spás álainn atá againn do rothar agus do scútar. Is scoil aclaíochta muidne.

Beannachtaí na Cásca oraibh ar fad

Naíonáin i rith Seachtain na Gaeilge

D'eagraigh Leabharlann Chill Mhantáin seisiún scéalaíochta do Ranganna na Naíonáin leis an údar clúiteach Patricia Forde. Bhain an dá rang an-sult go deo as.

Bua Filíochta Scoil Chualann

Tá filí inár measc anseo i Scoil Chualann. Bhíomar ar an eolas faoi cheanna, ach tá muintir Chill Mhantáin ar an eolas faoi anois. Comhghairdeas le Klara (R2), Lilí (R6) agus Daire (R6) ar bhur mbua iontach i gcomórtas filíochta Leabharlann Chill Mhantáin. Féach ar an talún againn sa scoil.

Klara R2

An Leon

Chuaigh an leon isteach sa teach
Ní raibh meangadh gáire orm.
Dúirt mé leis, "Amach, amach!"
Bhí mé chomh crosta le stoirm.

Ach bhí brón ar an leon,
Ag caoineadh a bhí a t-ainmhí bocht,
Mar ghortaigh sé a thóin,
Agus ní air a bhí an locht.

Bhí sé ag spraoi le na shangáin.
"Ní plean maith é sin," a dúirt mé dó,
"Mar chuir siad cealg i do thóin."
Agus ansin d'imigh na shangáin dána leo.

"Ná bí buartha anois níos mó.
Ar mhaith leat spraoi? Ar mhaith leat imirt peile"
Nuair a bhí an spraoi thart gheall mé dó,
"Tá tú in ann teacht aon am eile."

Daire R6

Mise agus mo Dheartháireacha

Mise agus mo dheartháireacha,
Ag fanacht istigh sa teach
Mise agus mo dheartháireacha,
Ag béicíl is ag screadach!

Mise agus mo dheartháireacha,
Is pleidhcí sinn amach is amach,
Mise agus mo dheartháireacha,
An teach ar fad ina chiseach!

Mise agus mo dheartháireacha,
Ní fada uainn an Aoine,
Deireadh leis an gcianfhoghlaim,
Deireadh leis an gcaoineadh!

Mise agus mo dheartháireacha,
Chomh fiáin le pocáin ghabhair,
Mise agus mo dheartháireacha,
Ag dul as ár meabhair!

Mise agus mo dheartháireacha,
Rí rá raic agus mar sin,
Mise agus mo dheartháireacha
Tá an scoil ag druidim linn!

Mise agus mo dheartháireacha,
Beirt as ceathrar fágtha
An teach ar fad ina thost,
Gan fuaim ar fud na háite!

Lilí R6

Cairdeas

Is breá liom mo chairde,
Tá siad chomh deas.
Ní bhíonn siad riamh gránna,
Léiríonn siad meas.

Bíonn muid ag gáire,
Le gliondar, gan náire,
Ag caint is ag spraoi,
Ó mhaidin go luí.

Ó am go h-am,
Bíonn easaontas beag ann,
Frustrachas, brón, éad,
Deireadh an domhan.

Ach tá lá nua ag teacht,
Is an troid ag imeacht,
Tá cairdeas iontach beo,
Dílseacht, sonas, spraoi go deo!